— i gcás ina ndéantar conradh a bhaineann le bainistiú agus cothabháil limistéir chomhchoiteann foirgnimh atá faoi chomhúinéireacht idir an gníomhaire bainistíochta agus cruinniú ginearálta Chumann úinéirí maoine nó úinéirí an fhoirgnimh sin, féadfar féachaint ar dhuine nádúrtha ar leis árasán san fhoirgneamh sin mar 'thomhaltóir,' de réir bhrí Threoir 93/13, a mhéid a fhéadfar an duine sin a aicmiú mar 'pháirtí' sa chonradh sin agus ní úsáideann sé an t-árasán sin go heisiach chun críocha a thagann laistigh dá thrádáil nó dá trádáil, dá ghnó nó dá gnó, dá ghairm nó dá gairm.

---

(1) IO C 412, 11.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 27 Deireadh Fómhair 2022– CE v Coiste na Réigiún**

**(Cás C-539/21 P)** (1)

***(Achomharc – Seirbhís shibhialta – Foireann shealadach – Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile – Airteagal 2(c) – Conradh buan – Foirceannadh luath le fógra – Airteagal 47(c)(i) – Gaol muiníne briste – Téarmaí cur chun feidhme an fhógra – Earráid fhollasach measúnaithe agus earráid dlí – Neamhghníomh – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh)***

(2022/C 472/24)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* CE (ionadaí: M. Casado García-Hirschfeld, avocate)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Coiste na Réigiún (ionadaithe: S. Bachotet agus M. Espárrago Arzadun, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Rechtsanwalt)

**An chuid oibríochtúil**

1. Díbhtear don achomharc.

2. Ordaítear do CE a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Coiste Eorpach na Réigiún, a íoc.

---

(1) IO C 37, 24.01.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 20 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón l'Augstākā tiesa (Senāts) – an Laitvia) –"Mikrotīkls" SIA v Valsts ieņēmumu dienests**

**(Cás C-542/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Comhtharaif Chustaim – Ainmníocht Chomhcheangailte – Aicmiú taraife – Ceannteideal 8517 – Fo-cheannteidil 8517 70 11 agus 8517 70 19 – Aeróga le haghaidh feistí ródaithe)***

(2022/C 472/25)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Augstākā tiesa (Senāts)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Mikrotīkls" SIA

*Cosantóir:* Valsts ieņēmumu dienests

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le fo-cheannteideal 8517 70 11 den Ainmníocht Chomhcheangailte, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987, maidir leis an ainmníocht chustaim agus staitistiúil agus an Comhtaraif Chustaim, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 254/2000 ón gComhairle an 31 Eanair 2000, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 927/2012 ón gCoimisiúin an 9 Deireadh Fómhair 2012 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1001/2013 ón gCoimisiúin an 4 Deireadh Fómhair 2013,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chlúdaítear leis aeróga le haghaidh feistí ródaithe, atá cumraithe le haghaidh cumarsáide i líonraí achair logánta (LAN) agus/nó líonraí achair fhairsing (WAN).

([1]) IO C 462, 15.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 27 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Mainz – an Ghearmáin) – ID v Stadt Mainz**

**(Cás C-544/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Treoir 2006/123/CE – Airteagal 15(1), (2)(g) agus (3) – Seirbhísí sa mhargadh inmheánach – Táillí ailtirí agus innealtóirí – Íostaraifí éigeantacha – Éifeacht dhíreach fhorálacha dhlí an Aontais agus neamh-infheidhmeacht fhéideartha na reachtaíochta náisiúnta)***

(2022/C 472/26)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Mainz

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* ID

*Cosantóir:* Stadt Mainz

**An chuid oibríochtúil**

Níl feidhm ag Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach i gcás inar tugadh conradh chun críche sular tháinig an treoir sin i bhfeidhm agus ina raibh éifeachtaí uile an chonartha sin ídithe roimh an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí.

([1]) IO C 2, 3.1.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 27 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzgericht – an Ostair) – Climate Corporation Emissions Trading GmbH v Finanzamt Österreich**

**(Cás C-641/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 44 – An pointe tagartha chun críocha cánach – Aistriú na liúntas astaíochta gás ceaptha teasa – Faighteoir a bhfuil baint aige le himghabháil CBL i slabhra idirbhearta – Duine inchánach a raibh a fhios aige nó ar cheart dó a bheith ar an eolas faoin imghabháil sin)***

(2022/C 472/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzgericht